2026/1805

16.7.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1805 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/1804 ón gComhairle an 16 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ([2]).

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 16 Iúil 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1804, lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2026/1804, cuirtear siar dáta chur i bhfeidhm an tsásra chun an chaidhp phraghais ar amhola a leasú. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495 ([4]) ón gComhairle, bunaíodh nós imeachta chun an chaidhp phraghais sin a choigeartú faoi threoir mheánphraghas margaidh amhola na Rúise. Tá sé beartaithe leis an gcur siar sin tuilleadh ama a thabhairt don Chomhairle chun aon leasú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach i bhfianaise forbairtí sa mhargadh a scrúdú agus a ghlacadh, agus ar an gcaoi sin próiseas cinnteoireachta ordúil, dea-mhachnaithe a áirithiú.

(5) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3n de Rialachán (AE) 833/2014, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'11a. Cuirfear siar cur i bhfeidhm an nós imeachta chun an chaidhp phraghais a leagtar amach i mír 11 den Airteagal seo a leasú, lena n-áirítear meánphraghas margaidh amhola na Rúise thar thréimhse 22 sheachtain a ríomh, foilsiú fógra maidir leis an meánphraghas margaidh sin agus leasú Iarscríbhinn XXVIII, ionas go bhfoilseoidh an Coimisiún an 23 Iúil 2026 fógra maidir leis an meánphraghas margaidh sin lena dtagraítear don tréimhse 22 sheachtain ón 15 Eanáir go dtí an 17 Meitheamh 2026 agus go mbeidh feidhm ag an leasú ar Iarscríbhinn XXVIII ón 15 Lúnasa 2026. Leanfaidh an chaidhp phraghais reatha d'fheidhm a bheith aici go dtí dáta chur i bhfeidhm na caidhpe praghais nua.'.

([1]) IO L, 2026/1804, 16.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1804/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).
([3]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).
([4]) Cinneadh (CBES) 2025/1495 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/1495, 19.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1495/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE